AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2026
COM(2026) 543 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste don Soláthar Coiteann in 2025

{SWD(2026) 305 final}

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHRÁ 2

CUID 1: PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA IN 2025 4

1.1. Forléargas ginearálta 4

1.2. Struchtúr urrainne 5

1.3. Glaonna ráthaíochta agus éilimh íocaíochta 7

1.4. Glanráta soláthair 10

CUID 2: STRAITÉIS INFHEISTÍOCHTA, COMHDHÉANAMH PUNAINNE AGUS FEIDHMÍOCHT 11

2.1. Comhdhéanamh agus saintréithe na punainne 11

2.2. Lorg comhshaoil, sóisialta agus rialachais 13

2.3. Feidhmíocht an Chiste don Soláthar Coiteann in 2025 13

CONCLÚIDÍ 17

RÉAMHRÁ

Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil maidir leis an gCiste don Soláthar Coiteann ([1]), lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Leagtar amach inti na príomhfhorbairtí a bhaineann le feidhmiú an Chiste don Soláthar Coiteann in 2025, agus cuirtear i láthair inti na príomhpharaiméadair airgeadais agus riosca, agus feidhmíocht bhliantúil an chiste. Cuirtear i láthair inti freisin torthaí ghníomhaíochtaí an Choimisiúin chun feidhmíocht níos fadtéarmaí an chiste a fheabhsú trí dhomhan infheistíochta éagsúlaithe a thabhairt isteach.

Bunaíodh an Ciste don Soláthar Coiteann faoi Airteagal 215(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú). Coimeádtar ann na soláthairtí uile a chuirtear i leataobh trí bhíthin bhuiséad an Aontais nó a ranníocann na Ballstáit rannpháirteacha chun riosca na gcaillteanas ar oibríochtaí a ráthaítear leis na ráthaíochtaí inmheánacha ([2]) agus seachtracha ([3]) arna gcur chun feidhme ag an Aontas Eorpach a chumhdach. Sa bhreis ar ráthaíochtaí buiséadacha, coimeádtar soláthairtí sa Chiste don Soláthar Coiteann i ndáil leis an gcuid is mó d'iasachtaí cúnaimh macrairgeadais do thríú tíortha ([4]). Is iad na soláthairtí a choimeádtar sa Chiste don Soláthar Coiteann an cúlchiste caipitil óna dtarraingítear cistí chun freastal ar ghlaonna ráthaíochta ar oibríochtaí dá dtugtar tacaíocht agus ar eis-sreafaí eile.

Tháinig an Ciste don Soláthar Coiteann i bhfeidhm i mí Eanáir 2021. Ag deireadh 2025, EUR 27,2 billiún a bhí i nglanluach sócmhainní an chiste, rud a d'fhág gurb í an phunann infheistíochta is mó atá á bainistiú go díreach ag an gCoimisiún.

D'éirigh leis an gCiste don Soláthar Coiteann dul i ngleic le luaineacht an mhargaidh in 2025, agus neamhchosaint chothrom á coinneáil ar bun ar fud aicmí sócmhainní, agus chuir éagsúlú an chiste go cothromais feabhas breise ar fheidhmíocht fhoriomlán. Ar an iomlán, bhain an phunann dearbhthoradh 3,85 % amach. Tar éis na dtorthaí a taifeadadh in 2023 (+ 5,21 %) agus in 2024 (+ 3,57 %), lenar fritháiríodh na caillteanais a thabhaigh an ciste in 2022 (bliain inar tharla an díol bannaí domhanda ba ghéire le leathchéad bliain), neartaíodh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais an chiste a thuilleadh le feidhmíocht 2025.

Ag féachaint chun cinn, tá éiginnteacht mhéadaithe ann a bhaineann le forbairtí geopholaitiúla. Mar sin féin, bonn fabhrach atá sa leibhéal ardaithe táirgeachta atá ann faoi láthair d'fheidhmíocht mheántéarmach.

([1]) De bhun Airteagal 217(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (an 'Rialachán Airgeadais'), ní mór don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an gCiste don Soláthar Coiteann. Leis na treoirlínte bainistíochta sócmhainní le haghaidh an Chiste don Soláthar Coiteann (Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 maidir leis na Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní le haghaidh an Chiste don Soláthar Coiteann (C(2020) 1896 final, IO C 131, 22.4.2020, lgh. 3–11), cuirtear treoraíocht bhreise ar fáil maidir lena bhfuil sa tuarascáil sin.

([2]) An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) agus InvestEU.

([3]) Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh, an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) agus an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+).

([4]) Seachas iasachtaí cúnaimh macrairgeadais+ a deonaíodh don Úcráin in 2023, agus an iasacht Cúnaimh Macrairgeadais lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách (mear-iasachtaí G7) a deonaíodh don Úcráin mar chuid de thionscnamh Mhear-iasachtaí G7 in 2024.

Dírítear sa tuarascáil seo ar shaincheisteanna a bhaineann le sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann a bhainistiú. Pléitear i dtuarascáil ar leith a dréachtaíodh de bhun Airteagal 256 den Rialachán Airgeadais forbairt na ndliteanas teagmhasach a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtú ón Aontas, a bhfuil sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann á sealbhú ina n-aghaidh mar sholáthairtí.

CUID 1: PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA IN 2025

1.1. Forléargas ginearálta

Mar a tharla i mblianta roimhe sin, rinneadh an ciste a bhainistiú i gcomhréir lena struchtúr rialachais bunaithe ([5]) agus nósanna imeachta, gan aon teagmhas oibríochtúil.

Ar an 31 Nollaig 2025, EUR 27,2 billiún an luach a bhí ar na glansócmhainní ([6]), luach a bhí ina mhéadú EUR 4,0 billiún ó dheireadh 2024 (méadú thart ar 17 % i rith na bliana). In 2025, fuair an Ciste don Soláthar Coiteann EUR 3,1 billiún de ranníocaíochtaí glana ó bhuiséad an Aontais nó ó ranníocaíochtaí ó na Ballstáit rannpháirteacha agus ó thíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE). Tháinig an chuid eile den mhéadú ar luach na punainne (EUR 0,9 billiún) go príomha ó luach margaidh méadaithe na sócmhainní atá ann cheana.

Físor 1: Éabhlóid ghlanluach shócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann (EUR billiún)



Tá tuilleadh faisnéise faoi na ráitis airgeadais ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

([5]) Cuireadh an struchtúr rialachais i láthair i dtuarascáil bhliantúil an Chiste don Soláthar Coiteann le haghaidh 2021, EUR-Lex - 52022DC0213 - GA - EUR-Lex (europa.eu).
([6]) Déantar glanluach sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann a chinneadh de réir luach na sócmhainní iomlána, lúide na dliteanais, an dáta a ríomhtar an glanluach sócmhainní faoi seach.

1.2. Struchtúr urrainne

Cé go mbainistítear sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann i bpunann aonair i gcomhréir le comhbheartas infheistíochta, cuirtear na hacmhainní soláthair sin san áireamh in urranna éagsúla.

Go sonrach, déantar an soláthar atá i seilbh an Chiste don Soláthar Coiteann a chur in áirithe de réir ráthaíocht bhuiséadach/clár cúnaimh airgeadais (nó le haghaidh na mBallstát a rannchuidíonn an soláthar dá n-urrann InvestEU) i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla faoi seach ([7]). Déantar na méideanna a shanntar do gach ráthaíocht bhuiséadach a chur in áirithe in urranna ar leith chun go bhféadfar leibhéil soláthair a rianú i gcoinne na leibhéal a leagtar síos leis an mbunús dlí lena mbunaítear an ráthaíocht. Má thiteann soláthairtí faoi leibhéil áirithe, is féidir athshlánú a chistiú ó bhuiséid na gclár faoi seach.

In 2025, cuireadh urrann nua amháin de Bhallstáit InvestEU ([8]) leis.

An 31 Nollaig 2025, bhí 19 n-urrann sa Chiste don Soláthar Coiteann, agus 17 cinn díobh sin lánoibríochtúil agus cistí iontu. Déanfar na hurranna eile a ghníomhachtú nuair a gheofar na chéad insreafaí.

([7]) I gcomhréir le Airteagail 215(2), 215(4), 216(1) agus 216(4) den Rialachán Airgeadais, mar shampla.
([8]) Le haghaidh na Portaingéile.

Tábla 1: Urranna an Chiste don Soláthar Coiteann an 31.12.2025

Urrann	Margadhluach in EUR an 31.12.2025
Urranna a osclaíodh in 2021	
CEIS	9 175 239 371
Ciste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ([9])	3 354 171 333
CEFI ([10])	792 918 308
InvestEU ([11])	7 124 578 871
Urranna a osclaíodh in 2022	
CEFI+	3 582 508 961
Cúnamh macrairgeadais tar éis 2020	228 000 668
Cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin ([12])	511 348 526
Iasachtaí Euratom tar éis 2020	-
Iasachtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI ar athraíodh a gcuspóir - An Úcráin	-
Ráthaíocht InvestEU - An Rómáin	242 559 639
Ráthaíocht InvestEU - Poblacht na Seice	60 345 721
Ráthaíocht InvestEU - An Fhionlainn	51 912 990
Ráthaíocht InvestEU - An Ghréig	379 824 566
Oibríochtaí Measctha InvestEU	710 676 831
Urranna a osclaíodh in 2023	
Ráthaíocht InvestEU - An Bhulgáir	132 950 691
Ráthaíocht InvestEU - Málta	9 716 815
Urranna a osclaíodh in 2024	
An Ráthaíocht don Úcráin	613 877 445
Ráthaíocht InvestEU - An Spáinn	144 964 526
Urranna a osclaíodh in 2025	
Ráthaíocht InvestEU - An Phortaingéil	50 022 110
IOMLÁN	**27 165 617 372**

([9]) Ciste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, ina bhfuil na soláthairtí maidir le Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh, cláir oidhreachta (cúnamh macrairgeadais) agus cláir Euratom.
([10]) An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe.
([11]) Urrann AE.
([12]) Faoi Chinneadh (AE) 2022/1201 agus Cinneadh (AE) 2022/1628 lena gcuirtear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil ar fáil don Úcráin.

Fíor 2: Méid urranna an Chiste don Soláthar Coiteann an 31.12.2025



1.3. Glaonna ráthaíochta agus éilimh íocaíochta

Éascaítear íocaíocht glaonna ráthaíochta agus éileamh eile le maolán leachtachta ar leithligh, dá bhforáiltear i dTreoirlínte Bainistíochta Sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann ([13]). Is éard atá sa mhaolán leachtachta cúlchistí teoranta airgid a choimeádtar ag Státchiste Lárnach an Choimisiúin chun na heis-sreafaí airgid a mheastar a thiocfaidh chun cinn thar thréimhse 3 mhí a chumhdach bunaithe ar fhógraí ó chomhpháirtithe cur chun feidhme.

Ag tús 2025, bhí iarmhéid EUR 202 mhilliún ag an maolán. Le linn na bliana, fuair sé insreafaí EUR 569 milliún mar thoradh ar aisghabhálacha an Chiste don Soláthar Coiteann, agus íocadh glanmhéid beagnach EUR 576 mhilliún in 2025 (glaonna ráthaíochta glan ar aisghabhálacha) ([14]). Mar thoradh air sin, ag deireadh 2025, EUR 195 mhilliún a bhí in iarmhéid an mhaoláin leachtachta.

Tugtar achoimre thíos ar ghlaonna ráthaíochta 2025 ([15]) agus éilimh eile ([16]) ar na hacmhainní soláthair atá i seilbh urranna an Chiste don Soláthar Coiteann:

([13]) Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 maidir le Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann (C/2020/1896, IO C 131, 22.4.2020, lch. 3.
([14]) I gcomparáid le EUR 350 milliún in 2024.
([15]) Déileáiltear le glaonna ráthaíochta aonair i dtuarascáil ar leithligh a dréachtaíodh de bhun Airteagal 41(5), pointe (f), den Rialachán Airgeadais.
([16]) Féadfaidh íocaíochtaí teacht chun cinn in 2026 nó níos déanaí, a bhféadfadh coigeartú *ex post* ar chuntais 2025 a bheith ag teastáil ina leith.

Tábla 2: Eis-sreafaí ón gCiste don Soláthar Coiteann in 2025, forbhreathnú mionsonraithe (glaonna ráthaíochta glan ar aisghabhálacha)

Urrann	in EUR milliún	Cineál an eis-sreafa
CEFI	**7,37**	glaonna ráthaíochta
CEFI+	**1,19**	glaonna ráthaíochta
Ciste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha (Iomlán: EUR -0,26 milliún)	**-1,13**	aisghabhálacha
	0,88	costais dhlíthiúla
CEIS	**295,98**	glaonna ráthaíochta, táillí riaracháin, costais chistithe, costais aisghabhála agus coigeartuithe luacha
InvestEU - an tAontas	**170,79**	glaonna ráthaíochta, táillí riaracháin, costais chistithe agus coigeartuithe luacha
Meascadh InvestEU	**71,65**	glaonna ráthaíochta, táillí riaracháin, costais chistithe agus coigeartuithe luacha
InvestEU - an Rómáin	**11,05**	glaonna ráthaíochta, táillí riaracháin
InvestEU - an Ghréig	**10,47**	glaonna ráthaíochta, táillí riaracháin
InvestEU - Málta	**0,53**	táillí riaracháin
InvestEU - an Bhulgáir	**0,26**	glaonna ráthaíochta
InvestEU - an Spáinn	**7,39**	táillí riaracháin
Iomlán na n-eis-sreafaí	**576,41**	

Fíor 3: Eis-sreafaí 2025 ón gCiste don Soláthar Coiteann (EUR milliún)



1.4. Glanráta soláthair

Foráiltear le hAirteagal 216 den Rialachán Airgeadais go mbeidh soláthar ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnaimh airgeadais do thríú tíortha sa Chiste don Soláthar Coiteann bunaithe ar an nglanráta soláthair mar a shainmhínítear san Airteagal sin. Cuirtear san áireamh leis an nglanráta soláthair go bhféadfadh éagsúlú féideartha a bheith mar thoradh ar bhainistiú comhthiomsaithe an Chiste don Soláthar Coiteann – seachas cistí ráthaíochta ar leithligh a bhainistiú – mura ndéanfaí glaonna ar na hurranna éagsúla a chomhghaolú ó thaobh ama nó déine de.

Is é an glanráta soláthair an cóimheas idir

- an méid airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim a cheanglaítear a bheith i seilbh an Chiste don Soláthar Coiteann, agus éifeachtaí an éagsúlaithe idir urranna á gcur san áireamh, agus
- suim na méideanna airgid thirim agus na gcoibhéisí airgid is gá i gcás ina ndéantar gach urrann a bhainistiú ar leithligh.

De réir an dlí, ba cheart an glanráta soláthair a shocrú idir 95 % agus 100 %, lena léirítear éifeacht éagsúlaithe i bhfigiúr faoi bhun 100 %. Mar thoradh ar (i) ríomhanna bunaithe ar an modheolaíocht bhunaithe ([17]), (ii) éiginnteachtaí maicreacnamaíocha agus geopholaitiúla (tá urranna áirithe an Chiste don Soláthar Coiteann ag brath go mór ar fhorbairt na staide san Úcráin), agus (iii) gan aon éagsúlú a fheiceáil idir glaonna ar fhorálacha na n-urrann éagsúil, mhol an Coimisiún go bhfanfadh an glanráta soláthair le haghaidh 2025 ar 100 %. Deimhníodh an cur chuige sin i mBuiséad Bliantúil 2025 a glacadh.

([17]) Cinneadh Tarmligthe (AE, Euratom) 2021/135 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 le coinníollacha mionsonraithe maidir le glanráta soláthar an Chiste don Soláthar Coiteann a ríomh (IO L 42, 5.2.2021, lch. 12), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 216(2) agus Airteagal 279 den Rialachán Airgeadais.

CUID 2: STRAITÉIS INFHEISTÍOCHTA, COMHDHÉANAMH PUNAINNE AGUS FEIDHMÍOCHT

Bunaítear na prionsabail ghinearálta agus na breithnithe ginearálta atá mar bhonn eolais do straitéis infheistíochta an Chiste don Soláthar Coiteann le Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann agus tugtar tuairisc bhreise orthu sa chéad tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2021 ([18]). Ar bhonn an chur chuige coimeádach a chumhdaítear ina Threoirlínte Bainistíochta Sócmhainní, déantar an Ciste don Soláthar Coiteann a bhainistiú ar bhealach lenar cheart, ar a laghad, caomhnú caipitil a sholáthar thar a thréimhse infheistíochta ionchasach (a mheastar a bheith thart ar 9 mbliana ar fad) ([19]).

2.1. Comhdhéanamh agus saintréithe na punainne

Mar léiriú ar bheartas infheistíochta stuama an Chiste don Soláthar Coiteann, is urrúis ardrátáilte leachtacha ioncaim sheasta iad formhór na sócmhainní ina n-infheistíonn an Ciste, amhail bannaí agus billí arna n-eisiúint ag rialtais, eintitis fhornáisiúnta, gníomhaireachtaí stáit agus corparáidí.. Cé go n-ainmnítear an chuid is mó díobh sin in euro, áirítear sa phunann freisin leithdháileadh beag ar bhannaí a ainmnítear in USD (Státchistí na Stát Aontaithe den chuid is mó); tá an riosca airgeadra gaolmhar fálaithe.

Tar éis modhnú a dhéanamh ar na Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní in 2022, tá infheistíocht bheag ag an bpunann freisin i gcistí arna dtrádáil ar an malartán lena rianaítear innéacs leathan cothromas Eorpach, chun deiseanna breise éagsúlaithe agus fáis a sholáthar le haghaidh an Chiste don Soláthar Coiteann.

Mar a léirítear i bhFíor 4, ag deireadh 2025, bhí punann an Chiste don Soláthar Coiteann éagsúlaithe go maith ar fud na n-aicmí sócmhainní éagsúla.

Bhain an dá leithdháileadh ba mhó le bannaí arna n-eisiúint ag eintitis cheannasacha, eintitis fhornáisiúnta agus gníomhaireachtaí (45 %) agus bannaí faoi chumhdach (23 %).

4 % de mhargadhluach na punainne ([20]) a bhí in infheistíochtaí ainmnithe in USD, agus an riosca airgeadra fálaithe trí chonarthaí réamhcheaptha á úsáid [21].

Tá sraitheanna leachtachta iomadúla ag an bpunann, toisc gur féidir formhór a sócmhainní thar aibíochtaí a leachtú go héasca más gá chun glaonna ráthaíochta a chomhlíonadh. Thairis sin, amhail i mí na Nollag 2025, bhí thart ar 10 % den phunann comhdhéanta de shócmhainní gearrthéarmacha ([22]), lena soláthraítear foinse bhreise leachtachta atá inrochtana go héasca, sa bhreis ar an maolán leachtachta thuasluaite a shealbhaítear ag Státchiste Lárnach an Choimisiúin (féach Roinn 1.3).

([18]) EUR-Lex - 52022DC0213 - GA - EUR-Lex (europa.eu)
([19]) Airteagal 2(1) de na Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní.
([20]) I gcomparáid le 7 % in 2024.
([21]) Féadfar sócmhainní phunann an Chiste don Soláthar Coiteann a infheistiú i mbannaí fíorleachtacha airgeadra-fálaithe arna n-ainmniú i ndollair na Stát Aontaithe agus arna n-eisiúint ag eintitis cheannasacha agus fhornáisiúnta, chun críocha éagsúlaithe agus neamhchosanta ar chuar ráta úis eile agus chun na gcríoch sin amháin.
([22]) I gcomparáid le 11 % in 2024.

Bhí cáilíocht chreidmheasa phunann an Chiste don Soláthar Coiteann ard, agus meánrátáil A ag gabháil leis [23], rud a fhágann go bhfuil dóchúlacht dhiomaibhseach mainneachtana ann ([24]). Infheistíodh os cionn 37 % den phunann in urrúis AAA ([25]), agus dáileadh an chuid eile di ar fud an scála de ghrád infheistíochta.

Cothromas a bhí in thart ar 7 % de mhargadhluach na punainne ag deireadh 2025 ([26]). Chuir an leithdháileadh sin go mór le feidhmíocht dhearfach fhoriomlán na punainne, agus bhí 1,4 % [27] den toradh bliantúil iomlán de 3,85 % i gceist leis.

([23]) Díorthaítear an mheánrátáil ó mheándóchúlacht mainneachtana na punainne seachas ó mheán uimhríochtúil simplí rátálacha eisitheora aonair. Ós rud é go léirítear méadú neamhlíneach ar fud na gcatagóirí rátála le dóchúlachtaí mainneachtana, go háirithe ón raon A go dtí an raon BBB, d'fhéadfadh an mheánrátáil intuigthe a bheith níos ísle ná meán simplí bunaithe ar rátáil. Dá bhrí sin, léiríonn meánrátáil thuairiscithe A an mhodheolaíocht sin ar bhonn dóchúlacht mainneachtana.

([24]) Dóchúlacht mainneachtana 0,04 % thar thréimhse ionchasach bliana.

([25]) I gcomparáid le breis agus 40 % in 2024.

([26]) I gcomparáid le 7 % in 2024.

([27]) Cé nach raibh ach thart ar 7-8 % den phunann i gcothromais, chuir siad go mór leis an bhfeidhmíocht fhoriomlán ar bhealach dearfach, rud a léiríonn feidhmíocht láidir DJ STOXX in 2025.

Fíor 4: Leithdháileadh punainne an Chiste don Soláthar Coiteann ag deireadh na bliana (2025)



2.2. Lorg comhshaoil, sóisialta agus rialachais

In 2025, tháinig méadú breise ar lorg comhshaoil, sóisialta agus rialachais ([28]) na punainne, ós rud é gur shroich sciar na mbannaí a bhfuil lipéad comhshaoil, sóisialta agus rialachais orthu 17 % ([29]), i gcomparáid le 16 % in 2024. Tá an cur chuige réamhghníomhach maidir le hinfheistíocht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais i bhfabhar bannaí a bhfuil lipéad comhshaoil, sóisialta agus rialachais orthu, ar choinníoll go n-ailíníonn siad le critéir bainistíochta riosca agus le straitéis fhoriomlán infheistíochta.

2.3. Feidhmíocht an Chiste don Soláthar Coiteann in 2025

In 2025, bhí caibidlíocht trádála, dinimic bhoilscithe agus gníomhaíochtaí bainc ceannais i measc phríomhspreagthaí forbairtí sa mhargadh (féach an bosca thíos). D'ainneoin luaineacht an mhargaidh a spreag caibidlíocht trádála den chuid is mó, tacaíodh le margaí airgeadais tríd an laghdú de réir a chéile ar rátaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), mar aon le fás eacnamaíoch láidir agus margaí saothair athléimneacha, agus bhí tionchar dearfach aige sin ar luacháil phunann an chiste don soláthar coiteann. In bhfianaise an mhéid sin, bhain an Ciste don Soláthar Coiteann toradh bliantúil + 3,85 % amach, a sháraigh a thagarmharc punainne ([30]) (+ 3,65 %).

([28]) Lorg comhshaoil, sóisialta agus rialachais – scór tapa a léiríonn tionchar foriomlán na punainne ar shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais.
([29]) Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear bannaí mar bhannaí a bhfuil lipéad comhshaoil, sóisialta agus rialachais orthu chun críocha leithdháileadh an Chiste don Soláthar Coiteann, braitheann an Coimisiún ar an measúnú foilsithe ar 'úsáid fáltas' na sócmhainne atá i gceist ag na soláthraithe anailísíochta agus sonraí a úsáideann an Coimisiún le haghaidh a fheidhme bainistíochta sócmhainní.
([30]) De réir Threoirlínte Bainistíochta Sócmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann (Cinneadh C/2020/1896), 'Ba cheart don bhainisteoir airgeadais na sócmhainní a bhainistiú ar bhonn straitéis infheistíochta a chuirtear in iúl i bhfoirm Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní, lena léirítear na cuspóirí infheistíochta agus an lamháltas riosca. Ba cheart an straitéis infheistíochta a léiriú i dtagarmharc straitéiseach (an 'tagarmharc'). Ba cheart an tagarmharc a shocrú i gcomhréir le dea-chleachtais tionsclaíochta.'

Forbairtí sa mhargadh in 2025

Rinneadh margaí airgeadais in 2025 a mhúnlú den chuid is mó le conair an bhoilscithe, le cinntí beartais ón mbanc ceannais agus le forbairtí geopholaitiúla. I measc na dtéamaí móra eile bhí forbairt agus cur chun feidhme chlár oibre rialtas na Stát Aontaithe maidir leis an mbeartas eachtrach agus trádála, chomh maith leis an athchóiriú ar choscán fiachais na Gearmáine, rud a d'fhág go rabhthas in ann iasachtaí níos airde a fháil.

San Eoraip, ag tús na bliana, bhí na margaí ag tuar idir ceithre agus cúig ghearradh ráta úis ag BCE, ós rud é go raibh an boilsciú ag bogadh go seasta i dtreo an spriocleibhéil de 2 %. Ina dhiaidh sin, rinne BCE sraith ciorruithe ar rátaí, agus thosaigh sé an bhliain le ceithre laghdú as a chéile a thug a phríomhrátaí beartais go dtí thart ar 2 %. Le linn na tréimhse sin, thit an boilsciú ceannlíne ó ardphointe bliantúil 2,5 % i mí Eanáir go pointe íseal 1,9 % i mí na Bealtaine, sular chobhsaigh sé gar do 2 % don chuid eile den bhliain.

Thosaigh toradh bannaí rialtais 10 mbliana na Gearmáine (*Bund*) ag tús na bliana ar 2,37 % (beagnach an pointe is ísle den bhliain) agus mhéadaigh sé go dtí ceann uachtair a raoin i mí an Mhárta, agus shroich sé 2,89 % tar éis athchóirithe ar choscán fiachais na Gearmáine a fhógairt. Díolmhaíodh caiteachas cosanta os cionn 1 % de OTI agus ciste bonneagair agus aeráide EUR 500 billiún ón riail, rud a chuir ar chumas an rialtais i bhfad níos mó a fháil ar iasacht. Rinneadh an méadú géar sin ar tháirgeacht *Bund* a aisiompú go páirteach i mí Aibreáin tar éis do rialtas na Stát Aontaithe taraifí trádála nua a fhógairt a rinne difear do roinnt comhpháirtithe trádála. Chorraigh an beart sin na margaí agus tháinig laghdú ar tháirgeacht *Bund* de réir mar a lorg infheisteoirí sábháilteacht sócmhainní. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, de thoradh caibidlíochta laghdaíodh taraifí a dhéanann difear don Aontas agus do roinnt tíortha eile ina dhiaidh sin agus bhí sonraí eacnamaíocha fós athléimneach. Tháinig méadú de réir a chéile ar tháirgeachtaí *Bund* arís, agus faoi dheireadh na bliana bhíodar ar 2,85 %.

Sna Stáit Aontaithe, thosaigh boilsciú ceannlíne ar thart ar 3 % i mbliana, sular laghdaigh sé go 2,3 % i mí Aibreáin, de réir mar a thit praghsanna fuinnimh. Le linn na tréimhse sin, d'fhág an Cúlchiste Feidearálach a ráta beartais gan athrú ar raon lámhaigh 4,25 %-4,50 %. Chuir na fógraí taraife i mí Aibreáin le hábhair imní athnuaite maidir le boilsciú. Tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh, agus d'fhan boilsciú seirbhísí ard, rud a chuir boilsciú ceannlíne ar ais go dtí thart ar 3 % faoi mhí Mheán Fómhair. Faoin am sin, bhí comharthaí ann go raibh an margadh saothair ag éirí níos boige, rud a spreag an Cúlchiste Feidearálach a ráta beartais a ísliú 0,75 pointe céatadáin carnach le linn na dtrí chruinniú dheireanacha den bhliain, rud a d'fhág go raibh an raon lámhaigh ar 3,50 %-3,75 %. Faoi dheireadh na bliana, bhí an boilsciú ceannlíne maolaithe go 2,7 %. Shroich an táirgeacht ar Státchiste 10 mbliana na Stát Aontaithe buaicphointe de 4,80 % i mí Eanáir 2025 sular laghdaigh sé de réir a chéile ag 4,14 % chun an bhliain a chríochnú.

D'fhan an fás eacnamaíoch sna Stáit Aontaithe agus san Aontas Eorpach araon athléimneach, d'ainneoin brúnna boilscitheacha a bhí ann roimhe seo agus rátaí úis ardaithe. Choinnigh geilleagar na Stát Aontaithe móiminteam láidir ar bun, le tacaíocht ó chaiteachas agus infheistíocht tomhaltóirí, go háirithe maidir leis an intleacht shaorga, agus tháinig téarnamh de réir a chéile ar an Aontas de réir mar a mhaolaigh brúnna fuinnimh agus de réir mar a tháinig feabhas ar an éileamh intíre. Ar an iomlán, lean an

dá gheilleagar de bheith ag leathnú, agus bhog an boilsciú níos gaire do spriocleibhéil de réir a chéile.

D'fheidhmigh margaí cothromais go láidir freisin le linn na bliana, agus shroich roinnt mórinnéacsanna na leibhéil is airde riamh. Bhí ardú 16,7 % ar innéacs STOXX Europe 600, agus bhí ardú 16,4 % ar S&P 500 de chuid na Stát Aontaithe.

CONCLÚIDÍ

In 2025, phostáil an Ciste don Soláthar Coiteann dearbhthoradh láidir + 3,85 % (2024: + 3,57 %), sháraigh sé a thagarmharc a bhí ar+ 3,65 %. I ndearbhthéarmaí, d'aistrigh toradh an chiste go brabús eacnamaíoch le haghaidh 2025 de EUR 927 milliún (2024: EUR 755 mhilliún), rud a chuireann borradh breise faoina stóinseacht airgeadais agus faoina chumas ionsúcháin caillteanais. Cé go mbíonn tionchar ag éiginnteachtaí geopholaitiúla ar an ionchas, cuireann leibhéal na dtorthaí atá ann faoi láthair bonn fabhrach ar fáil do thorthaí sa mheántéarma.

Leathnaigh an Ciste don Soláthar Coiteann a straitéis in 2023 trí leithdháileadh beag infheistíochta a chomhtháthú de réir a chéile chun cistí arna dtrádáil ar an malartán a rianú lena rianaítear innéacsanna cothromais uile-Eorpacha. Mar sin féin, tá formhór na punainne fós infheistithe in infheistíochtaí ioncaim sheasta ardrátáilte agus leachtacha.

Ar an iomlán, tá an Ciste don Soláthar Coiteann fós in áit straitéiseach chun dul i ngleic le luaineacht, chun aon ghlao ráthaíochta a chomhlíonadh go hiomlán agus in am, agus chun cobhsaíocht fhadtéarmach a shaothrú, i gcomhréir lena chuspóirí infheistíochta.